Paidreacha don Chéad Fhaoistin
(Prayers for First Confession)

A Chroí Ró-Naofa Íosa

A Chroí ró-naofa Íosa,
A chroí ró-naofa Íosa,
Atá ag cur thar maoill le grá.
Ó líon mo chroíse,
Ó líon mo chroíse,
Le grá duit féin,
A mhairfeas go brách.

An Fhaoistin Choiteann

Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
Agus daoibhse a bhraithre,
Gur pheacaigh mé go trom,
Le smaoineamh agus le briathar,
Le gniomh agus le faillí,
Trí mo choir féin, trí mo choir féin,
Trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
Impím ar Naomh-Mhuire síorÓgh,
Ar na haingil agus ar na naoimh,
Agus oraibhse, a bhraithre,
Guí ar mo shon chun an Tiarna Dia.

An Gníomh Dólais

A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom. Tá brón orm faoi mo pheacaí uile: nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile. Cuidigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

Ár nAthair

Ár nAthair,
Atá ar neamh.
Go naofar d'ainm,
Go daga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh,
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-árán laethiúil,
Tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne ár bhfeichiúna féin,
Agus na lig sin i gcathú,
Ach saor sin ó olc.
Améin

Paidir don Mhaithiúnas

A Dhia ár nAthair, cuigigh liom cuimhneamh ar na huireanta nár mhair mé mar a d'iarr Íosa orm. Cuidigh liom brón a bheith orm agus iarracht eile a dhéanamh,
Áiméan.

Paidir i ndiaidh Maithiúnais.

A Dhia ár nAthair, go raibh maith agat faoi mhaithiúnas a thabhairt dom. Cuidigh liom grá a thabhairt do dhaoine eile. Cuidigh liom maireachtáil mar a d'iarr Íosa orm.

Paidir chuig Muire

Sé do bheatha a Mhuire,
Atá lán de ghrásta.
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir na mná
Agus is beannaithe toradh do bhroinne a Íosa.
A Naomh, a Mhuire, a mháthair Dé,
Guí orainne peacaíthe anois,
Agus ar uair ár mbáis,
Áiméan